Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1187

12.6.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/1187 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 10 Meitheamh 2025**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv * (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 12(2) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a ghlacadh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach EULEX KOSOVO a fheidhmiú, lena n-áirítear cinntí maidir leis an gCeann Misin a cheapadh.

(2) An 13 Meitheamh 2023, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2023/1164 ([2]), lena gceaptar Giovanni Pietro BARBANO mar Cheann Misin EULEX KOSOVO ón 26 Meitheamh 2023 go dtí an 14 Meitheamh 2025.

(3) An 29 Aibreán 2025, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála go gcuirfí síneadh le sainordú Giovanni Pietro BARBANO mar Cheann Misin ar EULEX KOSOVO ón 15 Meitheamh 2025 go dtí an 14 Meitheamh 2026.

(4) An 5 Meitheamh 2025, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1161 ([3]), lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EULEX KOSOVO ón 15 Meitheamh 2025 go dtí an 14 Meitheamh 2027.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh bliana a chur le sainordú Cheann Misin reatha EULEX KOSOVO,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Giovanni Pietro BARBANO mar Cheann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) don tréimhse ón 15 Meitheamh 2025 go dtí an 14 Meitheamh 2026.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meitheamh 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244 (1999) agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([1]) IO L 42, 16.2.2008, lch. 92, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2008/124/oj.

([2]) Cinneadh (CBES) 2023/1164 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Meitheamh 2023 maidir le Ceann Misin Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv a cheapadh (EULEX KOSOVO) (EULEX KOSOVO/1/2023), (IO L 154, 15.6.2023, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1164/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2025/1161 ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO (IO L, 2025/1161, 6.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1161/oj).